



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2019

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Fisic agus Ceimic

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

FISIC AGUS CEIMIC – ARDLEIBHÉAL

Ba chóir na pointí seo a leanas a thabhairt chun aire i ndáil leis an scéim mharcála seo.

1. I gcásanna go leor, ní luaitear ach na focail bhuntábhachtacha, i.e. focail nach mór iad a bheith ina gcomhthéacs ceart i bhfreagra an iarrthóra go ngnóthófaí na marcanna a luaitear leo.
2. Is ionann na marcanna a luaitear idir lúibíní agus na marcanna a bhronntar ar fhreagraí neamhiomlána faoi mar a shonraítear sa scéim.
3. Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas, /, eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon.
4. Freagraí a dheighltear óna chéile le soladas dubailte, //, is freagraí iad sin atá comheisiach. Ní féidir freagra neamhiomlán ó thaobh amháin den // a thabhairt san áireamh le freagra neamhiomlán ón taobh eile.
5. **Níl** na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Is féidir marcanna i ndáil le cur síos a ghnóthú as léaráid oiriúnach, ag brath ar an gcomhthéacs.
6. Sa chás go luaitear sin, baintear aon mharc amháin i ndáil leis na haonaid mhíchearta a úsáid nó gan aon aonad a lua.
7. Gach uair dá dtarlaíonn botún uimhríochta sa ríomh, baintear aon mharc amháin.
8. D'fhéadfaí cealú a dhéanamh nuair a thugann iarrthóir liosta de fhreagraí cearta agus míchearta.
9. Is de réir chomhthéacs na ceiste agus na caoi a gcuirtear í agus an líon marcanna a chuirtear i leith an fhreagra ar an scrúdpháipéar a shocraítear an leibhéal mioneolais atá de dhíth le ceist ar bith. Tharlódh dá bhrí sin go mbeadh athrú ó bhliain go bliain i gcás ar bith faoi leith.
10. Tabharfar marcanna bónais ag ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána. Agus an bónas sin á ríomh slánaítear síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí, e.g. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, etc. Baineann an tábla bónais a thugtar ar an gcéad leathanach eile le hiarrthóirí a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

400@10%

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónaís sin a **shlánú síos**.

Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
301 - 303	29
304 - 306	28
307 - 310	27
311 - 313	26
314 - 316	25
317 - 320	24
321 - 323	23
324 - 326	22
327 - 330	21
331 - 333	20
334 - 336	19
337 - 340	18
341 - 343	17
344 - 346	16
347 - 350	15

Bunmharc	Marc Bónais
351 - 353	14
354 - 356	13
357 - 360	12
361 - 363	11
364 - 366	10
367 - 370	9
371 - 373	8
374 - 376	7
377 - 380	6
381 - 383	5
384 - 386	4
387 - 390	3
391 - 393	2
394 - 396	1
397 - 400	0

Ceist 1**Aon mhír déag ar bith****11×6****(a) Luaigh dara dlí gluaisne Newton.****2×3**ráta athraithe an mhóimintim / $m \frac{v-u}{t}$ / athrú sa mhóimintim le ham

...3

i gcomhréir le fórsa (feidhmithe, glan) / $\propto F$
nó

...3

luasghéarú i gcomhréir le fórsa (feidhmithe nó glan) / $a \propto F$

...3

agus i gcomhréir inbhéartach le mais / $a \propto 1/m$

...3

[Ceadai...6 i gcomhair $F \propto ma$ nó $F = kma$ agus...3 i gcomhair $F = ma$]**(b) Cuireann Fíor 1 in iúl na fuinnimh chinéiteacha ag maiseanna éagsúla agus iad ag taisteal ar an treoluas céanna. Cad é an treoluas seo?****2×3** $E_k = \frac{1}{2} mv^2$ / fána = $\frac{1}{2} v^2$ / $\frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1} = \frac{1}{2} v^2$

...3

[e.g. $(125 \times 2) \div 10 = v^2 \Rightarrow v =] 5 \text{ (m s}^{-1}\text{) nó } -5 \text{ (m s}^{-1}\text{) / (e.g. } \frac{100}{8} = \frac{v^2}{2} \Rightarrow v =] 5 \text{ (m s}^{-1}\text{) nó } -5 \text{ (m s}^{-1}\text{)}$

...3

(c) Taistealaíonn corp, ag tosú ó fhos, agus luasghéarú tairiseach de 8 m s^{-2} aige. Cé mhéad ama a thógann sé an chéad 144 m a thaisteal?**2×3** $s = ut + \frac{1}{2}at^2$ / $v^2 = u^2 + 2as$ agus $v = u + at$

...3

 $144 = 4t^2 \Rightarrow t = 6 \text{ (s) / } v^2 = 0^2 + 2 \times 8 \times 144 \Rightarrow v = 48 \text{ (m s}^{-1}\text{) agus } t = \frac{v-u}{a} = \frac{48}{8} = 6 \text{ (s)}$

...3

(d) Cad é an coinníoll faoina n-imchoimeádtar móiminteam i gcóras de choirp a bhíonn ag imbhualladh?**6**

ní fheidhmíonn fórsa seachtrach / córas iata nó leithlisithe

...6

(e) Scríobh síos dhá airí a bhíonn ag íomhá a chruthaíonn scáthán plánach.**2×3**

ingearach / an mhéid chéanna leis an bhfrithne / fíorúil / tá fad na híomhá (ón scáthán) mar a chéile

le fad na frithne / aisiompaithe go cliathánach

dhá cheann ar bith...2×3

(f) Ríomh an fad fócasach ag scáthán dronnach slándála ar nós an ceann a thaispeántar i bhFíor 2 má chruthaítear íomhá duine atá 300 cm ón scáthán 50 cm laistiar den scáthán.**2×3** $\frac{1}{f} = \frac{1}{u} + \frac{1}{v} / \frac{1}{f} = \frac{1}{300} + \frac{1}{-50} = \frac{-5}{300}$

...3

[glactar leis mar fhíoríomhá (-1)]

-60 (cm) / 60 (cm)

...3

[300/7 nó 42.9 (cm) ...5]

(g) Ainmnigh an feiniméan ina mbreathnaítear cáithníní beaga infheicthe ar fuaidreamh i leacht nó i ngás, agus iad i ngluaisne randamach, leanúnach. Cad a chuireann an feiniméan seo in iúl faoi iompraíocht mhóilíní an gháis nó an leachta?**2×3**

Brúngluaisne

...3

Cad a chuireann an feiniméan seo in iúl faoi iompraíocht mhóilíní an gháis nó an leachta?

i ngluaisne thairiseach nó thapa nó randamach nó líne dhíreach nó fhiarlánach /

i suaitheadh leanúnach / cáithníní ag imbhualladh go minic lena chéile nó le cáithníní sofheicthe /


léiríonn sé an tslí inar bogann na móilíní

ceann amháin ar bith...3

(h) Breac síos dlí Boyle.	2×3
athraíonn toirt go hinbhéartach le brú nó $V \propto 1/P$ nó athraíonn brú go hinbhéartach le toirt nó $P \propto 1/V$ nó $PV = \text{tairiseach}$ nó $P_1V_1 = P_2V_2$	...3
do mhais bhuan gáis ag teocht thairiseach	...3
[Mais bhuan gáis nó teocht thairiseach fágtha ar lár (–1)]	
(i) Cad atá i gceist le h-airí teirmiméadrach?	2×3
athraíonn (ar bhealach intomhaiste) de réir mar a athraíonn teocht	...3
Cén t-airí teirmiméadrach ar a bhfuil an teirmiméadar leacht-i-ngloine bunaithe?	
airde nó toirt (leachta) / fairsingiú (leachta)	...3
(j) Feidhmíonn claochladán d'iartród leictreach bréige ón soláthar príomhlíne 230 V s.a. agus cuireann sé aschur 12.0 V s.a. ar fáil. Tá 960 lúb sa chorna tánaisteach.	
Ríomh líon na lúb sa chorna príomhúil.	2×3
$\frac{V_p}{V_s} = \frac{N_p}{N_s} \Rightarrow \frac{230}{12} = \frac{N_p}{960}$	...3
$\Rightarrow 18400$	...3
(k) Taispeánann Fíor 3 go bhfuil dhá fhilliméad, R_1 agus R_2, i mbolgán 'trí-bhealach' a úsáidtear chun leibhéil ghile éagsúla a tháirgeadh. $R_1 = 480 \, \Omega$ agus $R_2 = 960 \, \Omega$.	
Ríomh friotaíocht iomlán leagan amach seo de R_1 agus R_2 nuair a dhúntar an dá lasc.	2×3
friotóirí atá i dtreocheangal / $\frac{1}{R} = \frac{1}{480} + \frac{1}{960}$	...3
$\Rightarrow R = 320 \, (\Omega)$	...3
(l) Tabhair úsáid amháin a bhaintear as toilleoir i gciord leictreach.	6
chun lucht a dheighilt / chun lucht (deighilte) a stóráil / chun fuinneamh a stóráil (trí dheighilt lucht) / chun fuinneamh nó lucht stóráilte a scaoileadh / blocáil d.c. / scag a.c. ó d.c. / aschur slíomtha (ó ghaireas leictreach) / chun stáisiún raidió nó teilifíse a thiúnáil / etc	...6
[scáileán tadhaill, splanc fótagrafach, guthán soghluaiste, dífhibrileoir, bolgáin fhluaraiseacha, etc. ...3]	
(m) Cén fáth a n-úsáidtear voltais arda chun leictreachas a tharchur thar fhaid mhóra?	6 nó 2×3
an sruth a choinneáil íseal / caillteanas teasa nó cumhachta (de bharr friotaíochta) a laghdú / dá mhéad é an sruth is ea is mó teasa a tháirgtear nó a chailltear nó a chuirtear amú sna cáblaí	...6
[Ceadaiigh costais a laghdú, tá sé níos tíosaí, etc.3]	
nó	
$P = RI^2$ ($\Rightarrow$ coinníonn sruth íseal cumhacht a chailltear de bharr friotaíochta i gcáblaí íseal)	...3
$P = VI$ ($\Rightarrow$ teastaíonn voltas ard ó shruth íseal chun an chumhacht chéanna a sholáthar)	...3
(n) Nuair a astaíonn raidiseatóp cáithnín alfa is é an núicléas nua a tháirgtear ná polóiniam–218.	
Sainaithin an raidiseatóp.	2×3
Rn / radón	...3
222	...3
[Ceadaiigh ..3 do Pb–214 nó luaidhe–214.]	
(o) Sainmhínigh leathré iseatóip radaighníomhaigh.	6
an t-am a glacadh	...3
i gcomhair leath de shampla (radaighníomhach) meathadh / do ghníomhaíocht titim go leath / do leath núicléis meathadh	...3
[ceadaigh trí mharc as $T_{\frac{1}{2}} = \frac{\ln 2}{\lambda}$ agus trí mharc as $\lambda = \text{tairiseach meatha}$]	

Ceist 2

- (a) (i) Cad atá i gceist le treoluas?** **2×3**
 ráta athraithe / athrú le himeacht ama i // ráta athraithe // luas / ...3
 díláithriú // fad (ó phointe) i dtreo áirithe // i dtreo áirithe ...3
 nó
 $\frac{s}{t} / \frac{ds}{dt}$...3
 is ionann s agus díláithriú nó fad (ó phointe) i dtreo áirithe ...3
- (ii) Cén chainníocht a shainítear mar ráta athraithe an treolais?** **3**
 luasghéarú ...3
- (iii) Cad é aonad tomhais S.I. na cainníochta in (ii)?** **3**
 méadar in aghaidh an tsoicind in aghaidh an tsoicind / méadar in aghaidh an tsoicind cearnaithe / ...3
 $m/s/s / m s^{-2} / m/s^2$
- (b) (i) Scríobh cothromóid chun an gaol a thaispeáint idir G , tairiseach na himtharraingthe, agus g , an luasghéarú de bharr na himtharraingthe ag láthair ar leith.** **6**
 $g = \frac{GM}{r^2}$...6
- (ii) Cén fáth a mbíonn difríocht ann idir na luachanna g ar dhromchla an Domhain agus ar dhromchla na Gealaí?** **6**
 tá mais na Gealaí difriúil le mais an Domhain / maiseanna éagsúla / Domhan níos troime / ...6
 Gealach níos éadroime /
 tá ga na Gealaí difriúil le ga an Domhain / gathanna éagsúla / Gealach níos lú / Domhan níos mó
 aon cheann ar bith...6
- (c) I bhFíor 4 taispeántar conas a d'athraigh treoluas ruda in aghaidh ama nuair a ligeadh dó titim anuas ar dhromchla na Gealaí.**
- (i) Úsáid an graf chun luach ar g_m , an luasghéarú de bharr na himtharraingthe ar dhromchla na Gealaí, a mheas.** **2×3**
 $(g =) v \div t / (g =) \frac{v_2 - v_1}{x_2 - x_1} / g = \text{fána} / v = u + at$...3
 (e.g. $130 \div 80$ nó $97.5 \div 60$, etc) $1.6(25) m s^{-2}$...3
 [gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]
- (ii) Cén fad a thit an rud sa chéad 40 s?** **2×3**
 $s = ut + \frac{1}{2}at^2 // v^2 = u^2 + 2as // s = \frac{1}{2}(u + v) \times t$...3
 $s = 0t + \frac{1}{2} \times 1.625 \times 40^2 = 1300 m // 65^2 = 0^2 + 2 \times 1.625 \times s \Rightarrow s = 1300m // s = \frac{1}{2} \times (0 + 65) \times 40 = 1300 m$...3
 [gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]
- (d) (i) Tarraing léaráid lipéadaithe de leagan amach d'fhearas a d'úsáid tú chun g_e , an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe ar dhromchla an Domhain, a aimsiú.** **3×3**
 amadóir // logálaí sonraí ...3
 sreang agus mirleán luascadáin // gaireas saorthitime // 1 gheata solais / 2 gheata solais ...3
 taca luascadáin // comhla chun an t-amadóir a ghníomhachtú ag deireadh na saorthitime // cártaí a chuireann isteach go dúbailte / cárta nó fál cuailí amháin ...3
 [gan lipéad ar bith (-1)]



(ii) Cad iad an dá chainníocht a thomhais tú le linn an turgnaimh? 2x3

am an ascalaithe / na n-ascaleithe // am do shaorthitim // am(anna) do cártaí nó fál cuaillí le dul tríd an ngeata nó na geataí solais ...3
fad an luascadáin / fad na sreinge agus ga an mhirleáin // airde saorthitime // treoluas na frithne atá ag titim ...3
[fad na sreinge (-1)]

(iii) Luaigh dhá réamhchúram a glacadh chun toradh cruinn a chinntiú. 4, 2

sreang chomh fada agus is féidir // airde saorthitime móire // deighilt idir cártaí nó geataí solais mór
mirleán beag nó trom // frithne titime bheag nó throm // cárta trom nó fál cuaillí trom
tomhais am do roinnt ascaleithe agus faigh an meán // tomhais am do roinnt saorthitimí agus faigh an meán
nó an ceann is lú // tomhais treoluas roinnt uaireanta don titim chéanna agus faigh an meán
pointe crochta soiléir don sreang, e.g. corc scoilte // páipéar idir frithne agus maighnéad // cárta(i) nó fál
cuaillí a chosaint ó shéideáin
tomhais ó phointe crochta chuig lár an mhirleáin // tomhais ó íochtar na liathróide chuig an gcomhla //
lig anuas cárta(i) nó fál cuaillí ó phointe ard os cionn an gheata nó na ngeataí solais
faigh g ó thorthaí an ghraif
uillinn díláithrithe an luascadáin beag nó $<5^\circ$
an chéad fhreagra ceart ...4, an dara freagra ceart...2
[Is féidir marcanna a bhronnadh as faisnéis a thugtar go soiléir i léaráid]

(iv) Scríobh síos an chothromóid a d'úsáid tú chun g_e a ríomh. 6

$$T = 2\pi \sqrt{\frac{l}{g}} / T^2 = \frac{4\pi^2 l}{g} // s = ut + \frac{1}{2}gt^2 / s = \frac{1}{2}gt^2 / s = \frac{1}{2}gt^2 / g = \frac{2s}{t^2} // g = \frac{v_2 - v_1}{t} \quad \text{...6}$$

(v) Dá bhféadfaí tomhais a ghlacadh ar an nGealach freisin, ag úsáid an fhearaís in (d) (i), tabhair cúis go mbeadh an luach ar g_m a gheobhfaí níos cruinne ná an luach a ríomhadh ar g_e . 3

am(anna) (i gcomhair ascalú nó saorthitime nó trí gheataí solais) níos faide //
níl aon fhriotaíocht aeir ann //
céatadán níos lú earráide san am //
etc aon cheann ar bith...3
[Ceadaiigh céatadán earráide níos lú ...2]

Ceist 3

(a) (i) Cad atá i gceist leis an téarma *gás idéalach*? 6

tá cáithníní nó móilíní comhdhéanta de phoncmhaiseanna /
ní mheallann ná ní éarann cáithníní ná móilíní /
ní fheidhmíonn cáithníní ná móilíní aon fhórsaí ar a chéile /
níl ag cáithníní nó móilíní ach imbhuailtí leaisteacha go huile /
comhlíonann sé na gásdlíthe ag gach teocht agus ag gach brú nó faoi gach coinníoll /
comhlíonann sé dlí Boyle ag gach teocht agus ag gach brú nó faoi gach coinníoll ...6

(ii) Cad iad na coinníollacha a bhíonn ann nuair is cosúla fíorghás leis an ngás idéalach? 6, 3

brú íseal (brúnna ísle) /
ardteocht(aí)

an chéad fhreagra ceart...6, an dara freagra ceart...3

(iii) Cén fáth is cosúla fíorghás leis an ngás idéalach faoi na coinníollacha seo? 3

níl méid móilíní ná adaimh ná cáithníní chomh suntasach / cáithníní i bhfad óna chéile / toirt na gcáithníní diomaibhseach / níl fórsaí idirmhóilíneacha chomh suntasach
[Ceadaiigh dlús íseal nó imbhuailtí níos leaistí nó am imbhuaillte beag]

aon cheann ar bith ...3

Taispeánann Fíor 5 an éagsúlacht i dtoirt de mhais sheasta de ghás in aghaidh teochta ag brúnna éagsúla, P_1 , P_2 agus P_3 .

(b) (i) Cad é luach X go díreach ina °C? 3

-273.15 ...3

[-273 ceadaiigh ...2]

(ii) Cén suntas a bhaineann leis an teocht seo? 6

dearbhnialas / pointe seasta (is ísle) ar scála Kelvin nó dearbhscála / (teocht ag a bhfuil) toirt nialas
nó nach bhfuil toirt ar bith ag gás (idéalach) / ní féidir ach le gás idéalach é a bhaint amach / ní féidir é a bhaint amach ach go teoiriciúil le haghaidh fíorgháis / leachtaíonn fíorgháis roimh (iad a fhuarú chuig) an teocht seo ...6

(c) Cé acu ceann de P_1 , P_2 nó P_3 is airde brú? 6


P_3 ...6

Cosain do fhreagra.

3

tá an brú i gcomhréir contrártha le toirt (ag teocht tugtha) / dlí Boyle /
don toirt is mó caithfidh an brú is lú a bheith ann /
amhail is airde an brú is ea is lú an toirt ...3

(d) (i) Déan sceitse den ghraf a mbeifeá ag súil lena fháil dá mbreacfaí toirt an gháis in aghaidh na dearbhteochta ag ceann amháin de na brúnna seo. 2x3



aiseanna lipéadaithe mar thoirt nó m^3 agus teocht nó kelvin nó K ...3

líne dhíreach tríd an mbunphointe / líne dhíreach a théadh tríd an mbunphointe dá sínfí í ...3

(ii) Ainmnigh agus luaigh an dlí atá léirithe ag do ghraf.

3, 2×3

(dlí) Charles

...3

an toirt atá i mais sheasta gáis ag brú tairiseach

...3

tá sí i gcomhréir le teocht an gháis ar an scála Kelvin nó dearbhscála / méadaíonn nó laghdaíonn sí faoi 1/273 i gcás gach athraithe céime Celsius nó ardú nó titim kelvin nó athrú ar an teocht

...3

[Mais sheasta fágtha ar lár (–1); brú tairiseach fágtha ar lár (–1)]

nó

$$\frac{V_1}{T_1} = \frac{V_2}{T_2} / \text{tá } \frac{V}{T} \text{ tairiseach}$$

...3

do mhais sheasta gáis faoi bhrú tairiseach agus ag úsáid scála Kelvin nó dearbhscála teochta

...3

[Mais sheasta fágtha ar lár (–1); brú tairiseach fágtha ar lár (–1)]

(e) Bhí toirt 0.060 m³ ag leibhéal na farraige i mbalún leaisteach ina raibh gás héiliam, áit a raibh brú 99 kPa agus teocht 22 °C ann. Scaoileadh leis an mbalún agus d'éirigh sé tríd an atmaisféar go dtí go raibh brú 50 kPa agus teocht –31 °C ann. Ag glacadh leis nár éalaigh aon héiliam agus nár phléasc an balún, ríomh

(i) líon na mól de héiliam sa bhalún,

3×3

(22 + 273.15 =) 295(.15)

....3

$$PV = nRT / 99 \times 10^3 \times (0.06) = n \times 8.31 \times 295(.15)$$

...3

[Níl teocht in Kelvin (–3)]

$$n = 2.4(2) \text{ (móil)}$$

...3

(ii) toirt deiridh an bhalúin.

2×3

$$50 \times 10^3 \times V = 2.4 \times 8.31 \times 242(.15) / \frac{0.06 \times 99 \times 10^3}{295(.15)} = \frac{50 \times 10^3 V}{242(.15)}$$

...3

$$0.097 \text{ (m}^3\text{)} \quad [0.1 \text{ to } 0.097 \text{ m}^3]$$

...3

[Earráid sciortha as brú nach bhfuil in Pa agus/nó toirt nach bhfuil in m³ uair amháin in (i) agus (ii).]

Ceist 4

(a) Sainmhínigh

(i) an chomhéifeacht athraonta,

2×3

cóimheas sín uillinn ionsaithe le // $\sin i \div \sin r$ // cóimheas treoluais nó luais an tsolais in aer nó i bhfolús le //

$c_1 \div$

...3

sín-uillinn an athraonta // $\sin r$ // treoluas nó luais solais i meán // c_1

...3

[‘frithchaitheamh’ seachas ‘athraonadh’...(-3)][síneacha fágtha ar lár (-3)]

(ii) an uillinn chriticiúil, d’ábhar.

2×3

uillinn ionsaithe (sa mheán níos dlúithe)

...3

inarb ionann an uillinn athraonta agus 90° / a bhfuil gathanna frithchaithe go hiomlán (ag an teorainn)

níos faide ná sin

...3

(b) I bhFíor 6 taispeántar gathanna solais ó fhoinsé S ag bualadh teorainn leachta/aeir.

(i) Ríomh comhéifeacht athraonta an leachta.

2×3

$$\frac{\sin i}{\sin r} = \frac{\sin 53^\circ}{\sin 35^\circ} = \frac{0.80}{0.57} \Rightarrow \frac{\sin i}{\sin r} = \frac{\sin 35^\circ}{\sin 53^\circ} = \frac{0.57}{0.80} = 0.7125$$

...3

$$n = 1.39 - 1.42 \Rightarrow 1/n = 0.7125 \Rightarrow n = 1.39 - 1.42$$

...3

[Déan trácht ar úsáid raidiain in ionad céimeanna mar earráid sciortha.]

(ii) Mínigh cé acu ceann de na huillinneacha, W, X, Y nó Z í an uillinn chriticiúil.

2×3

Y

...3


is ionann an uillinn athraonta agus 90° / tagann an ga amach feadh dhromchla an uisce

...3


[Ceadaiigh ...3 ar a mhéad as W sainaitheanta mar uillinn chriticiúil]

(iii) Déan cóip den léaráid agus comhlánaigh í chun conairí na ngathanna R agus Q a thaispeáint i ndiaidh dóibh an teorainn a bhualadh.

4×3



Fíor 6



Fíor 6 críochnaithe

Tagann R amach san aer

...3

R athraonta ón normal

...3

Q frithchaite ag an teorainn

...3

ag thart ar an uillinn cheart

...3

(iv) Ainmnigh an feiniméan a tharlaíonn ag an bpointe marcáilte A.

2×3

frithchaitheamh

...3

inmheánach iomlán

...3

(c) Aimsíodh comhéifeacht athraonta an leachta chéanna freisin ó thomhaiseanna na n-uillinneacha ionsaithe i agus na n-uillinneacha athraonta comhfhreagracha r do gha solais ag dul isteach i gcoimeádán tré-dhearcach, le ballaí tanaí, den leacht mar a thaispeántar i bhFíor 7.

Tá na tomhaiseanna seo breactha sa tábla.

i (°)	0	20	30	40	50	60	70
$\sin i$	0	0.34	0.50	0.64	0.77	0.87	0.94
r (°)	0	14	21	27	34	39	43
$\sin r$	0	0.24	0.36	0.45	0.56	0.63	0.68

(i) Déan cóip den tsraith dheiridh den tábla agus comhlánaigh í le luachanna $\sin r$ ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha. 6×1


$\sin r$	0	0.24	0.36	0.45	0.56	0.63	0.68
----------	---	------	------	------	------	------	------

[slánú seachas dhá áit dheachúlacha (-3)]

[gach slánú mícheart (-1)]

[síní raidiain slánaithe i gceart ...3]

(ii) Tarraing graf de $\sin i$ in aghaidh $\sin r$ (x-ais). 4×3



aiseanna lipéadaithe $\sin i$ agus $\sin r$ (x-ais) ...3

aiseanna tarraingthe leis na scálaí cuí ...3

cúig phointe breactha i gceart ...3

líne dhíreach trí na pointí $\sin$ agus an bunphointe ...3

[(9) marc ar a mhéad mura bhfuil sé ar ghrafpháipéar]

[9 marc ar a mhéad as graf ag úsáid síní raidiain ó (i) thuas]

(iii) Cad é an gaol idir $\sin i$ agus $\sin r$ a thaispeántar i do ghraf? 3

comhréireach (go díreach) ...3

[marcáil iarmartach murar líne dhíreach tríd an mbunphointe atá sa ghraf]

(iv) Conas is féidir comhéifeacht athraonta an leachta a aimsiú ón ngraf? 3

fána / $\frac{\sin i}{\sin r}$...3

Ceist 5**(a) Breac síos dlí Ohm.****2×3**

tá an sruth (i seoltóir) comhréireach // $I \propto$ // tá an voltas nó difríocht poitéinsil comhréireach // $V \propto$...3
 leis an difríocht poitéinsil nó voltas (thairis) ag teocht thairiseach // V ag teocht thairiseach // leis an sruth
 (i seoltóir) ag teocht thairiseach // I ag teocht thairiseach ...3
 [Ceadaiigh ...6 as $V = IR$ ag teocht thairiseach]
 [ag teocht thairiseach fágtha ar lár (-1)]

(b) Baineadh úsáid as an gciordad a thaispeántar i bhFíor 8 chun a fhiosrú an ngéilleann an filiméad sreinge F do dhlí Ohm.**(i) Ainmnigh na méadair X agus Y.****6, 3**

X: aimpmhéadar /

Y: voltmhéadar

an chéad fhreagra ceart...6, an dara freagra ceart...3

(ii) Conas a úsáideadh an ciorcad seo chun a fhiosrú cé acu an ngéilleann nó nach ngéilleann an filiméad sreinge do dhlí Ohm?**6**

athraigh an voltas (thar F) /

mionathraigh friotóir inathraithe (chun V nó Y nó léamh voltmhéadair a athrú)

...6

(iii) Mínigh cé acu ceann de na graif, A, B nó C, de shruth I in aghaidh voltais V a thaispeántar i bhFíor 9 a dhearbódh go ngéilleann an filiméad sreinge do dhlí Ohm.**6, 3**

C

...6

líne dhíreach tríd an mbunphointe

...3

(c) Ríomh**(i) an sruth atá ag sreabhadh i mbolgán 100 W nuair a cheanglaítear é le soláthar 230 V,****2×3**

$$P = VI / I = \frac{P}{V}$$

...3

$$(I = \frac{100}{230} =) 0.435 \text{ A}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(ii) friotaíocht an bholgáin nuair a shreabhann an sruth seo.**2×3**

$$V = IR / R = \frac{V}{I}$$

...3

$$(R = \frac{230}{0.435} =) 529 \Omega$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(d) I bhFíor 10 taispeántar struchtúr inmheánach dineamó shimplí, gineadóir srutha dhíreach (s.d.).**(i) Ainmnigh A agus B.****2×6**

A: corna /armatúr

...6

B: scuab(anna)

...6

(ii) Breac síos prionsabal feidhmithe an dineamó.**3**

ionductaítear FLG nó sruth / ionductú leictreamaighnéadach /

$$E = N \frac{d\phi}{dt} / E = -N \frac{d\phi}{dt} / E = \frac{d\phi}{dt} / E = -\frac{d\phi}{dt} / E \propto N \frac{d\phi}{dt} / E \propto -N \frac{d\phi}{dt}$$

...3

(iii) Cad é an príomhthiontú fuinnimh a tharlaíonn nuair a bhíonn dineamó ag feidhmiú?**2×3**

fuinneamh meicniúil / fuinneamh cinéiteach

...3


go fuinneamh leictreach

...3

[Ceadaiigh ...3 má tá sé aisiompaithe.]

(iv) Déan sceitse de ghraf chun a thaispeáint conas a athraíonn voltas (f.l.g. nó e.m.f) aschuir an dineamó le ham.

3



...3

[Ní gá aiseanna a lipéadú]

Ceist 6

Freagair dhá chuid ar bith.

Ceist 6 (a)

Sainmhínigh

(i) obair

2×3 nó 6

déanta nuair a bhogann nó a dhíláithríonn an pointe ar a gcuirtear fórsa i bhfeidhm // $F \times$

...3

sa treo (céanna) le fórsa / s

...3

nó

$(W =) Fs$

...6

(ii) cumhacht.

3

ráta obair a dhéanamh / ráta úsáid a bhaint as fuinneamh / $P = \frac{W}{t} = \frac{E}{t}$

...3

Cé acu díobh seo thíos atá ina gcainníochtaí veicteoireacha?

2×3

díláithriú

mais

fuinneamh

fórsa

cumhacht

díláithriú

...3

fórsa

...3

[Baineann cealú má thugtar níos mó ná dhá fhreagra.]

De réir mar a thiteann rud i dtreo dhromchla an Domhain, cad é an gaol idir an fuinneamh póitéinsiúil agus an fuinneamh cinéiteach atá aige?

3

fuinneamh póitéinsiúil agus fuinneamh cinéiteach iomlán gan athrú / fuinneamh póitéinsiúil tiontaithe go fuinneamh cinéiteach /

$E_p + E_k = \text{tairiseach} / \Delta E_p + \Delta E_k = 0 / mgh$ tiontaithe go $\frac{1}{2}mv^2$

...3

[Ceadaiigh ...3 do $mgh = \frac{1}{2}mv^2$ nó $E_p = E_k$ san ord seo, ag glacadh leis go gciallaíonn sé go dtiontaítear fuinneamh póitéinsiúil go fuinneamh cinéiteach.]

D'ardaigh lúthchleasaí mais go ceartingearach trí 60 cm in 0.2 s agus trealamh meáchain in ionad traenála á úsáid aige. Ba é aschur cumhachta an lúthchleasaí ná 588 W ar an meán.

Ríomh

(iii) an obair a rinneadh ar an mais,

2×3

$$P = \frac{W}{t} = \frac{E}{t} / W = P \times t$$

...3

$$(W =) 588 \times 0.2 = 117.6 \text{ J}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (–1)]

(iv) an meánfhórsa a cuireadh i bhfeidhm ar an mais,

2×3

$$W = F \times s / F = \frac{W}{s}$$

...3

$$(F =) 117.6 \div 0.6 = 196 \text{ N}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart ...(-1)] [Tugtar iolra mícheart de 196 N mar fhreagra ...(-1)]

(v) an mhais a ardaíodh.

3

$$(F = mg \Rightarrow m = 196 \div 9.8 =) 20 \text{ kg}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (–1)]

Ceist 6 (b)**Cad é aonad tomhais S.I. an lucht leictirigh?****6**

cúlóm

...6

[Ceadaiigh ...3 as C]

Déan cur síos agus tabhair míniú ar a dtarlaíonn nuair a thugtar gach ceann acu seo thíos gar do chaipín leictreascóip atá luchtaithe *go deimhneach*, cosúil leis an gceann a thaispeántar i bhFíor 11:

(i) slat phlaisteach atá luchtaithe go deimhneach,**5, 2**

eisiréimníonn duillí níos mó / éarann duillí níos mó

...5

meallann lucht ar an tslat leictreoin suas ó dhuillí /

meallann lucht ar an tslat leictreoin chuig an gcaipín

...2

(ii) slat phlaisteach atá luchtaithe go diúltach,**5, 2**

tagann duillí le chéile (go páirteach) / coinbhéirsíonn duillí / tagann duillí níos gaire dá chéile

...5

éarann an lucht ar an tslat leictreoin ón gcaipín síos chuig na duillí /

leictreoin meallta chuig duillí

...2

(iii) slat phlaisteach atá gan lucht.**1**

tagann duillí le chéile (go páirteach) nó coinbhéirsíonn duillí nó tagann duillí níos gaire dá chéile mar

gheall go mbogann leictreoin ar an tslat i dtreo an chaipín agus éarann leictreoin i gcaipín síos chuig na duillí

...1

Déan cur síos ar conas is féidir leictreascóp a úsáid chun idirdhealú a dhéanamh idir slat inslithe agus slat sheolta.

9, 3

gan aon athrú nuair (a theagmhaítear) leictreascóp luchtaithe le hinslitheoir agus

fheictear na duillí ag teacht le chéile nó ag coinbhéirsiú nó ag athrú nuair (a theagmhaítear) caipín

leictreascóp luchtaithe le seoltóir

nó

(ceangail) slat faoi thástáil idir caipín leictreascóip neamhluchtaithe agus caipín leictreascóip luchtaithe;

gan aon athrú (i leictreascóp neamhluchtaithe) más inslitheoir an slat;

